An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Seo Leat!

## Scéalta Sóisialta do Pháistí

Seo sraith álainn leabhar a bhfuil scéalta sóisialta do pháistí iontu. Tá siad foilsithe ag Outside the Box le tacaíocht ó COGG.

Úsáidtear scéalta sóisialta de ghnáth chun cabhrú le cumarsáid shoiléir - ar bhealach a bhfuil brí léi - a dhéanamh le daoine a bhfuil uathachas orthu chomh maith le cabhrú leo tuiscint a fháil ar ócáidí/ ghnáthaimh éagsúla agus ar conas iompar a threorú.

Dearadh na leabhair chun cabhrú le páistí tascanna sóisialta a chur i gcrích trí dhíriú ar na tascanna agus ar na hócáidí sóisialta céim ar chéim i bhfoirm scéil. Ach tá i bhfad níos mó ná scéalta i gceist leis na leabhair seo. Insíonn gach leabhar scéal faoi ócáid áirithe nó faoi ghníomhaíocht laethúil i sraith dhá chéim déag chun cabhrú le páiste déileáil níos fearr leis an ngníomhaíocht sin nó leis an ócáid nua sin.

Tá na leabhair ildaite an-oiriúnach do pháistí a bhfuil uathachas orthu nó a bhfuil deacrachtaí cumarsáide sóisialta eile acu. Cabhraíonn na scéalta le gnáthscileanna laethúla a fhoghlaim, rud a chuireann le féinmhuinín agus féinmheas na bpáistí.

Cuirtear teanga shimplí - a bhaineann leis na scileanna laethúla - os comhair na bpáistí, rud a thacaíonn le forbairt teanga agus chumarsáide.

Dhá leabhar déag atá sa tsraith leis an teaghlach il-eitneach céanna de charachtair, cuid acu faoi mhíchumas, cuireann seo eolas agus foghlaim ar an saol chun cinn.




D'fhéadfadh na leabhair a bheith úsáideach sa rang Gaeilge freisin chun an teanga a bhaineann le gnáthaimh éagsúla a chleachtadh. Is í Avril Webster údar na leabhar.

Tá na teidil seo sa tsraith *Seo linn*!

- *Ag dul chuig an ollmhargadh*
- *Ag dul chuig an bhfiaclóir*
- *Ag dul chuig an dochtúir*
- *g dul chuig an ngruagaire*
- *Ag dul chuig an mbialann*
- *Ag dul ag snámh*
- *Ag dul chuig cóisir*
- *Ag dul chun éadaí a cheannach*
- *Ag dul chun bróga a cheannach*
- *Ag dul chuig an bpictiúrlann*
- *Ag dul chuig an radharceolaí*
- *Ag dul ar eitleán*

### Úsáid sa rang /sa bhaile

- Léigh na leabhair le hullmhú do thaithí nó ócáid atá le teacht agus dírigh aird ar na pictiúir shoiléire a ghabhann leis an ócáid ar leith. Cabhraíonn na pictiúir le tuiscint na bpáistí ar an rud atá ag dul ar aghaidh.
- Dírigh aird na bpáistí ar cad é an chéad rud eile a tharlóidh chun iad a ullmhú do thaithí nua.
- Déan rólimirt agus imir cluichí 'ligfimid orainn' in éineacht leis na leabhair chun cleachtadh praiticiúil a dhéanamh ar cad a thárlódh ag ócáidí /imeachtaí. Cabhróidh seo le himní an pháiste/ na bpáistí a laghdú níos moille agus neartóidh sé an cumas iontu chun déileáil le comhthéacsanna agus le heispéiris nua a fheabhsú
- Tarraing aird ar na dea-iompraíochtaí a léirítear sna scéalta chun dea-nósanna a spreagadh.
- Bain úsáid as an teanga a úsáideann na páistí go rialta sa bhaile agus ar scoil chun cur síos a dhéanamh ar imeachtaí laethúla chun tacú le forbairt teanga agus chumarsáide.
- Lig do pháistí na leabhair a thabhairt abhaile leo. Tá an t-athrá ríthábhachtach sna scéalta sóisialta. D'fhéadfadh na páistí an leabhar an bhaineann le hócáid ar leith a thabhairt leo chuig an ócáid sin agus é a léamh agus an ócáid ag dul ar aghaidh chun cabhrú leo déileáil leis an ócáid.
- Moltar na leabhair a léamh arís eile. Ar fáil www.otb.ie/seo-linn

**MÁIRE NIC AN RÍ, Oifigeach Oideachais Bunscoile COGG. Lean COGG ar Twitter @AisTeagaiscCogg agus @CoggOid**

